



An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta
National Council
for Special Education

‘Am Comhrá’: Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2

Straitéisí ranga agus scoile uile
do bhunscoileanna





**An Chomhairle Náisiúnta
um Oideachas Speisialta**
National Council
for Special Education

Tá an saothar seo ceadúnaithe faoi Cheadúnas

Idirnáisiúnta Creative Commons Attribution
Neamhthráchtála – ShareAlike 4.0

© CNOS 2025

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

2 Sráid an Mhuilinn, Páirceanna an Bhaile Theas, Baile Átha Troim, Co. na Mí

www.ncse.ie

Is Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) a d'fhorbair an leabhrán seo, i gcomhar le páirtithe leasmhara oideachais eile, chun tacú le múinteoirí agus scoileanna ar spéis leo 'Am Comhrá' (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2019) a chur i bhfeidhm ina seomraí ranga. Tá ábhar an leabhráin bunaithe ar fhianaise taighde agus ar thaithí ghairmiúil teiripeoirí a bhíonn i mbun oibre i scoileanna.

Áirítear leis an acmhainn seo eolas, straitéisí agus teimpléid shamplacha chun cabhrú le múinteoirí 'An Comhrá' (Quigley 2019; CNCM 2019) a úsáid chun tacú le daltaí a gcuid stór focal a fhorbairt agus a gcuid cumarsáide agus rannpháirtíochta ar scoil a fheabhsú.

Ráiteas maidir le Cóipcheart, Comhroinnt, Taifeadadh agus Cearta Príobháideachta

D'oibrigh foireann teiripe CNOS go dlúth le pobail scoile chun samplaí agus ábhar a sholáthar a léiríonn sármhaitheas chleachtais in idirghabhálacha agus i dtacaíochtaí.

Chun na hábhair seo a chruthú, faightear cead agus toiliú sainráite uathu siúd (daoine fásta agus leanaí) a ghlacann páirt sna hacmhainní, e.g. in íomhánna, i ngearrthóga fuaime agus/nó físe.

Tugtar comhairle do gach páirtí lasmuigh de CNOS atá ag féachaint ar na hacmhainní seo agus ag baint úsáide astu go bhfuil cosc ar an ábhar laistigh de na hábhair seo (téacs scríofa, íomhánna, fuaime, físeán) a chóipeáil agus/nó a chomhroinnt agus/nó a thaifeadadh agus go bhféadfadh a leithéid de rud a bheith ina phróiseáil sonraí pearsanta gan toiliú a fháil roimh ré. Iarraimid go cineálta ort príobháideacht na ndaoine a léirítear sna hacmhainní seo a chosaint.

Gabhann CNOS buíochas leat as ucht meas a léiriú ar cheadanna toilithe ár gcomhpháirtithe, a mbímid ag brath orthu chun faisnéis agus ábhar a chruthú a rachaidh chun tairbhe an phobail oideachais i gcoitinne.

Ráiteas maidir le Teanga

Aithníonn an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) go n-úsáidtear leaganacha éagsúla téarmaíochta chun cur síos a dhéanamh ar riachtanais oideachais agus ar mhíchumas. Is fearr le daoine áirithe leas a bhaint as téarma a chuireann an duine chun tosaigh, mar shampla, "duine faoi mhíchumas". B'fhearr le daoine eile an riocht a chur chun tosaigh, mar shampla, "uathach". Tá an téarma 'néara-éagsúil' ag teacht chun cinn mar théarma roghnaithe chun aitheantas a thabhairt ar dhaoine agus ar a gcuid éagsúlachta go léir. Chun cur chuige ionchuimsitheach a leabú sna doiciméid seo, úsáideann CNOS na trí théarma seo go hidirghabhálach.

Ó 2025 i leith, agus chomh fada agus is eol dúinn, úsáideann an doiciméad seo teanga agus spreagann sé cleachtas a léiríonn taighde agus fianaise na linne seo. Tuigimid go bhféadfadh athrú teacht ar an teanga, ar an bhfrásaíocht agus ar an téarmaolaíocht a mheastar a bheith ina dea-chleachtas faoi láthair agus déanfar gach iarracht amach anseo in aon leagan eile d'acmhainní teiripe de chuid CNOS leas a bhaint as an teanga agus an téarmaolaíocht is déanaí atá ar fáil ag an am.

Clár Ábhair

Cuid 1: Réamhrá	3
1.1 Cad is "Am Comhrá" ann?	3
1.2 Cén fáth go bhfuil Eolas ar Stór Focal Tábhachtach?	3
1.3 Stór Focal a Mhúineadh go Díreach	4
Cuid 2: Stór Focal a mhúineadh ar bhealach éifeachtach	6
2.1 Cur Chuige STAR	6
2.2 Ag Roghnú Stór Focal – Na Focail is Cóir a Theagasc?	7
2.3 Stór Focal a Mhúineadh	10
2.4 Focail a Chleachtadh	17
2.5 Athbhreithniú ar Fhocail atá Múinte	22
2.6 Ag Obair le Tuismitheoirí	24
Cuid 3: Am Comhrá a Úsáid ar Leibhéal na Scoile Uile	26
3.1 Réasúnaíocht	26
3.2 Ceisteanna Praiticiúla	29
3.3 Pleanáil d'Am Comhrá	33
Tagairtí	36

Cuspóir na hAcmhainne seo

Is Teiripeoirí Uirlabhra agus Teanga sa Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) a chuir an acmhainn seo le chéile chun tacú leis an gcur chuige 'Am Comhrá' a chur i bhfeidhm i leith stór focal a mhúineadh i gcomhréir le Curaclam Teanga na Bunscoile (CNCM 2019). Tá ábhar an leabhráin seo bunaithe ar thaighde stór focal, ar acmhainní Churaclam Teanga na Bunscoile agus ar thaithí chliniciúil teiripeoirí a bhíonn i mbun oibre le múinteoirí agus daltaí i mbunscoileanna. Tá liosta tagartha ag deireadh an leabhráin seo ina luaitear na hacmhainní ar fad dá dtagraítear ann. Ní acmhainn uileghabhálach an acmhainn seo agus mar sin, spreagtar múinteoirí agus pobail scoile chun a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid maidir leis an mbealach is fearr chun na smaointe agus na hacmhainní molta a úsáid ina bpleanáil agus gnáthaimh scoile féin.



Tá leaganacha digiteacha de go leor
de na hábhair stór focal a luaitear
san acmhainn seo ar fáil ar shuíomh
gréasáin CNOS: www.ncse.ie

Tá Padlet d'acmhainní ábhartha ar fáil
ach an cód QR seo a scanadh:



Focal buíochais

Ba mhaith le foireann Teiripe Urlabhra agus Teanga CNOS buíochas a ghabháil leis na scoileanna, na múinteoirí, na leanaí agus na daoine eile san oideachas a thacaigh le forbairt na hacmhainne seo. Buíochas ó chroí le Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Íosaef, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath as a gcuid cabhrach cineálta leis na físeáin san acmhainn seo. Tá a gcuid rannchuidithe thar a bheith luachmhar i gcur chun cinn agus i saibhriú leanúnach forbairt teanga ar fud scoileanna na hÉireann, foghlaim stór focal sa chás seo trí leas a bhaint as 'Am Comhrá'.



Cuid 1: Réamhrá

1.1 Cad is 'Am Comhrá' ann?

Is cur chuige teagaisc stór focal é 'Am Comhrá', ar a dtugtar Am Comhrá ina dhiaidh seo, atá dírithe ar fhocail shraith 2 a ndéantar cur síos orthu in Ábhair Thacaíochta Churaclam Teanga na Bunscoile ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ina n-ábhair Curaclam Ar Líne (2019). Tá sé mar aidhm ag Am Comhrá go ndéanfaidh an múinteoir ranga teagasc díreach agus sonrach ar fhocail shraith 2, mar cheacht don rang ar fad de ghnáth.

Is é príomhspríoc Am Comhrá ná tacú le daltaí barr a gcumas a bhaint amach maidir le hinniúlacht teanga ó bhéal, go háirithe ó thaobh stór focal a fhoghlaim, mar ghné lárnach dá rannpháirtíocht i gCéimeanna 1 agus 2 de Churaclam Teanga na Bunscoile (CTB) (CNCM 2019). Is iad seo a leanas na torthaí foghlama le haghaidh Am Comhrá a bhaineann le CTB:

Forbraíonn páistí coincheapa, meonta agus scileanna i ndáil le:

- Teanga ó bhéal a shealbhú agus stór focal ó bhéal a úsáid
- Stór focal léitheoireachta
- Stór focal scríbhneoireachta

(CNCM 2019).



1.2 Cén fáth go bhfuil Eolas ar Stór Focal Tábhachtach?

Tá eolas ar stór focal lárnach i bhforbairt chognaíoch an dalta (Cunningham et al. 1997) agus tá dlúthbhaint aige le tuiscint na léitheoireachta agus scileanna léitheoireachta ar leibhéal an fhocail (Nation & Snowling, 2004). Tá sé d'acmhainn ag seomraí ranga stór focal a chothú agus a fhorbairt i dtimpeallacht thacúil chuimsitheach trí chleachtais shaibhre ó bhéal agus i scríbhinn a chur i ngníomh ar bhonn rialta. D'fhéadfadh plé agus comhráite ranga, cluichí teanga ó bhéal, gníomhaíochtaí teanga scríofa, agus léitheoireacht leabhar (idir léitheoireacht neamhspleách agus léitheoireacht i gcomhpháirt) a bheith i gceist leis na cleachtais teagaisc sin.

Stór Focal agus Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide (RUTC)

Tá foghlaim stór focal ar cheann de na fadhbanna is suntasaí a bhíonn ag daltaí a bhfuil Riachtanais Urlabhra, Teanga agus Chumarsáide (RUTC) acu (Bishop, 1997; Gathercole, 1993; Sim, 1998). B'fhéidir nach mbeadh daltaí a bhfuil RUTC acu chomh cumasach lena gcomhdhaltaí a bhfuil an ghnáthfhorbairt acu maidir le brí focal nua a 'phiocadh suas' nó a fhoghlaim ar bhealach teagmhasach. D'fhéadfadh fachtóirí éagsúla cur leis an bhfadhb seo, lena n-áirítear:

- **Deacracht ó thaobh focail a fhoghlaim** ag cur isteach ar ráta agus ar cháilíocht foghlaim stór focal.
- **Deacrachtaí le tuiscint na léitheoireachta** agus/nó díchódú a d'fhéadfadh srian breise a chur ar dheiseanna chun focail a fhoghlaim i dtéacsanna i scríbhinn (Wilson, Nash agus Earl 2010).
- Deiseanna laghdaithe ó thaobh réimse agus raon stór focal a chloisteáil, a úsáid nó a léamh.

1.3 Stór Focal a mhúineadh go díreach


Ní féidir brath ar fhoghlaím theagmhach focal i gcás roinnt mhaith daltaí. Nuair a dhéantar teagasc díreach agus follasach ar fhocail nach mbaineann go sonrach le téacs ná le hábhar ar leith, is féidir tacú le tuiscint chomhthéacsúil a fháil ar fhocail, agus scileanna foghlama focal agus scileanna tuisceana ar théacs a fhorbairt (Beck, McKeown & Kucan, 2013). D'fhéadfadh sé seo a bheith thar a bheith tábhachtach do leanaí a bhfuil riachtanais urlabhra, teanga agus cumarsáide (RUTC) acu.

Áirítear le teagasc éifeachtach stór focal:


1. Comhthéacs agus sainmhínithe soiléire ar fhocail nua
2. Bríonna doimhne agus go minic ilchiallacha na bhfocal a theagasc
3. Athrá a dhéanamh go minic, agus teagmháil le focail nua

Is cur chuige é Am Comhrá chun stór focal a mhúineadh sa seomra ranga a chuimsíonn na trí ghné de theagasc éifeachtach stór focal mar aon le dhá phríomhsmaoineamh – cainníocht agus cáilíocht.

Taispeántais 'Balla Focal' sa Seomra Ranga



'Balla Focal' Am Comhrá d'fhocail shraith 2 i Rang 6



Cainníocht

- Líon níos lú focal a mhúineadh go láidir seachas líon mór focal a mhúineadh ar bhealach ad hoc. Focal amháin a roghnú in aghaidh an cheachta Am Comhrá laethúil (déan iarracht 4 fhocal a mhúineadh in aghaidh na seachtaine).
- Go leor deiseanna a chur ar fáil chun na focail nua a chloisteáil agus a úsáid ar fud ábhair an churaclaim.
- An oiread deiseanna agus is féidir a chruthú chun na spriocfhocail a úsáid agus béim a chur orthu i gcomhthéacsanna éagsúla i rith na seachtaine.
- Na focail nua a athrá agus a athbhreithniú ar bhonn rialta. Leas a bhaint as modheolaíochtaí éagsúla agus tarraingteacha ag deireadh na seachtaine chun athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocfhocail.

Cáilíocht

- Focail Shraith 2 a roghnú le múineadh ó thopaicí curaclaim nó ó leabhair chomhchoiteanna. Is focail ardmhínicíochta iad focail Shraith 2 a thagann chun cinn i gcomhthéacsanna éagsúla.
- Samplaí agus neamhsamplaí a thabhairt chun an focal a léiriú.
- Ransú smaointe a dhéanamh ar chomhchiallaigh agus ar fhrithchiallaigh don fhocal nua.
- Tacú le daltaí a sainmhíniú féin ar an bhfocal a cheapadh, seachas sainmhíniú foclóra amháin a úsáid.
- Plé a dhéanamh ar na difríochtaí idir an focal nua agus focail ghaolmhara.
- Leas a bhaint as amharc-eagraithe agus teimpléid chun tacú le teagasc saibhir.
- Na daltaí a spreagadh chun cleachtadh a dhéanamh ar abairtí leis an bhfocal/na focail nua a cheapadh.
- Cluichí a imirt atá dírithe ar athrá agus ar athbhreithniú a dhéanamh ar na focail.
- Úsáid an fhocail a leathnú chuig comhthéacsanna, ceachtanna agus amanna nua den lá scoile.

Cuid 2: Stór Focal a mhúineadh ar bhealach éifeachtach

2.1 Cur Chuige R-M-C-A ('STAR')

Féadfaidh sé a bheith ina chuidiú cur chuige RMCA ('STAR') a leanúint agus stór focal á mhúineadh le linn Am Comhrá. Ciallaíonn STAR:

- R: Roghnaigh (Select)** – na focail chuí shraith 2 a roghnú le múineadh
- M: Múin (Teach)** – na focail nua seo a chur i láthair agus a mhúineadh
- C: Cleachtaigh (Activate)** – cleachtadh a dhéanamh go minic ar na focail nua a úsáid
- A: Athbhreithnigh (Revue)** – cleachtadh agus athbhreithniú a dhéanamh gach seachtain ar na focail nua shraith 2

Is féidir cur chuige STAR maidir le stór focal a mhúineadh a chur i bhfeidhm go héasca agus go tapa gan mórán planála. Is féidir é a chur i bhfeidhm ar stór focal a bhaineann le hábhar ar leith agus ar stór focal a bhíonn le fáil i dtéacsanna comhroinnte araon (Blachowicz & Fisher, 2015; mar a luaitear i Parsons & Branagan, 2022).

Fíor 1: Stór Focal a mhúineadh ag baint leasa as cur chuige STAR – *Téigh go dtí ár 'Padlet' don leagan Gaeilge*



2.2 Stór Focal a Roghnú – Na focail chuí le múineadh

Is creat eagrúcháin é stór focal ilsrathach a chuidíonn chun na focail is **lánbhí** agus is **úsáidí** a roghnú chun teagasc éifeachtach a dhéanamh ar stór focal sa seomra ranga (Beck, McKeown agus Kucan, 2013). Is féidir leis an gcreat ilsrathach stór focal a bheith ina chabhair agus múinteoir ag roghnú na focail is tábhachtaí le teagasc i rang ar leith.

Sa leabhar acmhainní Am Comhrá seo, leagtar béim i dTábla 1, 'Catagóirí focal i sraitheanna:' 'Sraith 1, Sraith 2, Sraith 3' ar an gcreat le haghaidh stór focal ilsrathach agus forbraíodh é bunaithe ar Beck et al., 2002; 2013 (focail Shraith 1, Shraith 2 agus Shraith 3), Parsons & Branagan, 2013; 2022 (Word Aware 1: Anchor agus Step on Words), Stahl & Nagy, 2005 (focail Chinnín Óir) agus taithí Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga de chuid CNOS atá ag obair i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna na hÉireann.

Tábla 1: Catagóirí focal i sraitheanna: Sraith 1, Sraith 2, Sraith 3 (Beck, McKeown agus Kucan, 2013)

 Sraith 3	Is stór focal a bhaineann go sonrach le comhthéacs/ábhar iad focail Shraith 3. Meastar nach mbeidh cur amach ag daltaí ar fhocail Shraith 3. Is focail speisialaithe ísealmhínicíochta iad seo a bhíonn le feiceáil in ábhair nó i réimsí ábhair ar leith. Déan na focail seo a mhúineadh de réir mar a bhíonn gá le tuiscint orthu i réimsí ábhair ar leith, mar shampla, 'steiteascóp', 'ubhchruth', 'breith Chríost', 'géinte', 'aorta'.
 Sraith 2	Is cuid de na focail is éifeachtaí le múineadh iad focail 'Shraith 2'. Tá focail Shraith 2/Chinnín Óir 'díreach ceart' chun teagasc domhain a dhéanamh ar stór focal. Is iad sin: – Focail ardmhínicíochta Shraith 2 a thagann chun cinn i gcomhthéacsanna éagsúla. – Focail atá níos coitianta i scríbhneoireacht ná mar atá siad sa ghnáthchaint. – Focail an-úsáideacha, fiú lasmuigh den ábhar atá á mhúineadh láithreach. – Foghlaimítear go príomha iad trí léitheoireacht agus trí threoir dhíreach, shonrach – Ríthábhachtach chun stór focal acadúil láidir a chur le chéile, mar shampla: 'tosaíocht', 'galánta', 'cosúlacht', 'mol', 'sárshaothar', 'leathnaigh'.
 Sraith 1	Tá focail Shraith 1 'ró-éasca' chun teagasc domhain stór focal a dhéanamh orthu. Is focail bhunúsacha sa ghnáthchaint iad. De ghnáth, bíonn na focail seo le fáil i gcomhrá agus ní gá iad a mhúineadh go díreach ag leibhéal an ranga uile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh focail Shraith 1 i rang Naíonáin Shóisearacha amháin a bheith éagsúil ó fhocail Shraith 1 a úsáidtear i rang Naíonáin Shóisearacha eile. Is cuid de stór focal an chuid is mó de dhaltaí iad focail Shraith 1. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh gá leis na focail seo a mhúineadh ar bhealach díreach do roinnt daltaí a bhfuil riachtanais urlabhra, teanga agus chumarsáide acu. I measc samplaí d'fhocail shraith 1, tá 'bord', 'páipéar', 'smaoinigh', 'gá', 'mar'.

Forbraíodh an t-aicmiú thuas ar stór focal ilsrathach bunaithe ar Beck, McKeown & Kucan, 2002 (Tier 1, Tier 2 and Tier 3 words), ar Parsons & Branagan 2014 (Word Aware: Anchor, Goldilocks agus Step on Words) agus ar thaithí Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga de chuid CNOS atá ag obair i scoileanna na hÉireann.

'Am Comhrá': Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2

Straitéisí ranga agus scoile uile do bhunscoileanna

Nuair a mhúintear focail Shraith 2 do dhaltáí, d'fhéadfadh sé cabhrú leo focail níos speisialaithe Shraith 3 a thagann chun cinn in ábhair eile a thuiscint. Mar shampla, agus bolcáin á bplé i gceacht, d'fhéadfadh daltaí Rang 4 teacht ar an bhfocal 'foirmiú' (Sraith 3) agus chun tacú lena dtuiscint ar an bhfocal seo, d'fhéadfaimis an focal 'foirm' (Sraith 2) a phlé agus a mhúineadh chun cur leis an gcoincheap 'déan' (Sraith 1).



Cén áit is féidir teacht ar fhocail shraith 2?

Ba chóir foinsí focal Shraith 2 a bheith **tráthúil agus sonrach** do na cuspóirí foghlama nó don ábhar atá faoi chaibidil, nó atá le plé go luath, mar dheis réamh-mhúinteoireachta. Tugann sé seo go leor solúbthachta agus neamhspleáchais do mhúinteoirí maidir le cén áit a bhfaigheann siad nó a roghnaíonn siad na focail shraith 2 is tairbhiúla dá ndaltaí.

D'fhéadfadh na samplaí seo a leanas a bheith i measc na n-áiteanna is féidir teacht ar fhocail shraith 2:



Súgradh faoi stiúir an linbh



Ábhair nó téama curaclaim



Scéalta agus úrscéalta



Focail ó phléití ranga

Ag seiceáil an bhfuil na focail shraith roghnaithe 'oiriúnach' do do rang


Tá tugtha le fios ag múinteoirí gurb iad na réimsí seo a leanas is úsáidí chun a chinntiú go bhfuil na focail shraith 2 atá roghnaithe acu oiriúnach dá rang:

- Treoirleabhair agus seicliostaí
- Plé agus comhoibriú le comhghleacaithe
- Cleachtadh a dhéanamh arís agus arís eile ar fhocail shraith 2 a roghnú
- Sna hardranganna, plé a dhéanamh faoi fhocail Shraith 2, tuairimí an ranga a lorg, mar shampla, "An gceapann sibh gur focal úsáideach é seo le haghaidh Am Comhrá?"; "Cá háit eile a bhféadfaimis an focal seo a úsáid nó a chloisteáil?", "An mbeadh an focal seo oiriúnach dár mBalla Focal d'fhocail Shraith 2?"

Conas is féidir a bheith cinnte go bhfuil focail Shraith 2 roghnaithe agus curtha ar an liosta d'fhocail Shraith 2?

Déan machnamh ar na réimsí agus na ceisteanna i bhFíor 2 chun cabhrú leat roghnú cruinn a dhéanamh ar na focail shraith 2 a bheidh ar na focail is éifeachtaí do do ranga fhoghlaim. Priontáil amach 'Fíor 2' agus coinnigh é seo ar do dheasc nó i do dhialann chun oiriúnacht an fhocail shraith 2 atá roghnaithe agat a sheiceáil.

Tá Padlet leis na hacmhainní seo agus acmhainní eile ar fáil chomh maith tríd ancód QR seo a scanadh:



Fíor 2: Seicliosta Roghnúcháin Fhocail Shraith 2 –
Téigh go dtí ár 'Padlet' don leagan Gaeilge

'Am Comhrá': Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2

Straitéisí ranga agus scoile uile do bhunscoileanna


2.3 Stór Focal a mhúineadh

Tá roinnt céimeanna éagsúla i gceist le stór focal saibhir a mhúineadh go héifeachtach. Cuirtear na rannóga a) agus b) seo a leanas ar fáil mar struchtúr chun na céimeanna teagaisc a roghnú.

- Déan measúnú ar thuiscint na ndaltaí ar an spriocfhocal, féinmheasúnú san áireamh.
- Pléigh brí an spriocfhocail agus cruthaigh sainmhíniú atá éasca do na daltaí a úsáid.
Bain leas as na nithe seo a leanas chun tacú leis an bpróiseas:
 - Amharcthacaíochtaí
 - Cuir chuige ilchéadfacha.

a) Measúnú a dhéanamh ar thuiscint ar an spriocfhocal

Measúnú a dhéanamh ar thuiscint na ndaltaí ar an spriocfhocal, chomh maith le féinmheasúnú a spreagadh. Mar shampla, is féidir íomhá de 'shoile tráchtá' le gníomhartha láimhe a úsáid chun tuiscint reatha na ndaltaí ar an bhfocal a chinneadh:



Sa sampla seo, úsáideann an múinteoir ranga féinrátaíl na ndaltaí lena n-ordóga chun a léiriú cé chomh maith agus atá an focal ar eolas acu roimh an measúnú:



Sampla de chur i láthair agus réamh-mheasúnú an mhúinteora ar an rang ar fad.

I gcás daltaí a léiríonn go bhfuil 'eolas maith acu ar an bhfocal', b'fhéidir gur mhaith leis an múinteoir deis a thabhairt dóibh an focal a insint don rang. Cabhróidh tacaíocht agus spreagadh leo mura bhfuil a gcuid sainmhínithe cruinn go leor.

b) Pléigh brí an fhocail ag baint úsáide as pictiúr nó ábhar amhairc, agus cruthaigh sainmhíniú atá éasca le húsáid ag daltaí

Cuir an méid seo a leanas ar fáil ar dtús:

1. Pictiúr nó ábhar amhairc chun an focal a léiriú, agus
 2. Sainmhíniú ar an bhfocal atá éasca do na daltaí a thuiscint.
- Bíonn léiriú pictiúrtha ag teastáil le haghaidh fhocail shraith 2. Agus an spriocfhocal shraith 2 á chur i láthair, is céim riachtanach í léiriú pictiúrtha a úsáid chun tacú le tuiscint na ndaltaí ar an bhfocal.



Léiriú pictiúrtha den spriocfhocal.



Múinteoir ag úsáid pictiúir chun cabhrú le daltaí brí an spriocfhocail a thuiscint.

- Scríobhann an múinteoir **sainmhíniú atá éasca do na daltaí a thuiscint** agus ní bhaineann aon srian spáis leis, mar a bhíonn i gceist le sainmhíniú foclóra.

Tá dhá threoirleá ann maidir le sainmhíniú a scríobh:

- Tabhair sampla de ghnáthúsáid an fhocail.
- Mínigh brí an fhocail i ngnáth-theanga shimplí.

Mar shampla:

Pictiúr den fhocal:	'Flaithiúil' Sainmhíniú foclóra: 'Fonn a léiriú níos mó de rud éigin, go háirithe airgead, a thabhairt/a roinnt ná mar is gá, nó ná mar a bhíonn súil leis'.
Gnáthúsáid/éasca do dhaltaí a thuiscint	Déanann an focal seo cur síos ar dhuine éigin atá sásta a gcuid ama, a gcuid airgid, a gcuid acmhainní nó rudaí eile atá acu a roinnt le daoine eile.
Gnáth-theanga/éasca do dhaltaí a thuiscint	Déanann an focal seo cur síos ar dhuine éigin atá sásta a gcuid ama, a gcuid airgid, a gcuid acmhainní nó rudaí eile atá acu a roinnt le daoine eile, mar shampla, d'fhéadfá a rá, "Nach flaithiúil an fhoireann peile ghnóthach a gcuid ama a chaitheamh ag tabhairt cuairte ar an gclub áitiúil Dé Sathairn".

I measc na **ngníomhaíochtaí breise** a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú le sainmhíniú focal a mhúineadh agus chun cabhrú le daltaí tuiscint níos doimhne a fháil ar fhocail, tá:

- Comhchiallaigh agus frithchiallaigh a mhúineadh.
- Bríonna iolracha na bhfocal a mhúineadh: comhainmneacha.
- Samplaí agus neamhsamplaí a cheapadh.
- Ag plé na gcosúlachtaí agus na difríochtaí idir na focail nua agus focail atá ar eolas.

'Am Comhrá': Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2

Straitéisí ranga agus scoile uile do bhunscoileanna




Sampla de Roth Focal.

Seo 'Roth Focal' chun tacú le tuiscint a chothú ar an spriocfhocal ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear, sainmhíniú focal, pictiúr mar léiriú, an chéad fhuaim, rímeanna, siollaí, agus cleachtadh abairtí. (Comhthéacs: Rang 2, focal shraith 2: 'malairt'; foinse: Matamaitic).



Nod:

Focail Ilmhínithe Comhainmneacha

Le linn plé ar bhrí an fhocail, seans gur féidir an deis seo a thapú chun plé a dhéanamh ar chásanna ina bhfuil níos mó ná brí amháin ag focal, mar shampla:



Amharcléirithe agus teimpléid acmhainní chun tacú leis an bhfocal nua a mhúineadh:


- Is uirlisí iad amharc-eagraithe atá beartaithe lena n-úsáid le linn teagaisc agus plé ar bhríonna focal, seachas mar ghníomhaíocht neamhspleách. B'fhéidir gur mhaith leat amharc-eagraithe a chruthú agus a úsáid i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga nó leis an rang ar fad. Féach ar na hacmhainní ar líne ar an Padlet chun teacht ar theimpléid bhána agus samplaí d'amharc-eagraithe.

Tá Padlet ina bhfuil acmhainní in-íoslódáilte ar fáil ach an cód QR seo a scanadh:




Samplaí d'amharc-eagraithe:

(1) Léarscáil Shéimeantach




(2) 4 Chearnóg (Oiriúnaithe ó 'The Frayer Model'): Frayer, et al. 1969)



‘Am Comhrá’: Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2
Straitéisí ranga agus scoile uile do bhunscoileanna

(3) **Léaráid Venn (mar a luaitear i Parsons agus Branagan 2022)**



(4) **Línte focal**

Sampla 1

Cuir na focail in ord de réir an scéil is lú a bhí greannmhar chuig an scéal is mó atá greannmhar.



Focal	
Scéal	fíorghreannmhar
Scéal	greannmhar
Scéal	saghas greannmhar
Scéal	maith

- **Focail a mhúineadh ar bhealach ilchéadfach**

Tacaíonn sé le tuiscint shaibhir ar fhocail eilimintí ilchéadfacha a chur san áireamh sa phlé ó bhéal agus nuair a bhíonn amharc-eagraithe á gcruthú. Féach an cur síos mionsonraithe thíos:

Siombail

Bain leas as pictiúr, grianghraf, líníocht nó siombail chun an focal a léiriú. Is féidir leis an rang 'Google Images' a úsáid chun an íomhá is fearr a léiríonn an focal a roghnú.



Fuaim

Buail na siollaí nó abair an focal le piara.



Brí

Bain leas as meascán d'eispéiris chéadfacha agus stór focal simplí chun an focal a shainmhíniú. Déan an focal a nascadh leis an méid atá ar eolas acu agus/nó inis scéal.



Gníomh

Bain leas as gothaí nó comharthaí Lámh chun cabhrú leis na daltaí an focal a thuiscint.



Amhrán nó Rapcheol

Bain leas as amhrán, rapcheol nó rím chun an focal Am Comhrá a lua agus cabhrú le daltaí cuimhneamh ar an bhfocal nua ar bhealach spraíúil suntasach.



Sampla de Rapcheol Focail (Foinse: Word Aware, YouTube, 2016) agus focail a chur leis an mBalla Focal.

'Am Comhrá': Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2

Straitéisí ranga agus scoile uile do bhunscoileanna

Sampla de Feasacht fóineolaíochta a fhorbairt

Is féidir tacú leis sin trí ghníomhaíochtaí amhail bualadh bos a dhéanamh ar na buillí san fhocal, e.g. "Cé mhéad buille?" Buailéann na daltaí buillí na siollaí sa spriocfhocal. Léiríonn an múinteoir agus baineann sé/sí leas as amharcthacaíochtaí de réir mar is gá.



Sa sampla seo, déanann an múinteoir bualadh bos de réir na mbuillí san fhocal.




2.4 Cleachtadh a dhéanamh ar na Focail

a) Bain leas as taispeántais focal le híomhánna de na focail

Tá sé tábhachtach tuiscint na ndaltaí ar na focail a ghníomhachtú nó a fhorbairt ar bhealach ilchéadfach. Leagtar amach sa chuid seo gníomhaíochtaí molta a thacaíonn leis seo.

Samplaí de bhallaí focal:



Sampla de 'Bhalla Focal' Shraith 2 i seomra ranga Rang 6



Sampla de
bhalla focal
ranga.

Sampla de 'Bhalla Focal' Shraith 2 i seomra ranga Rang 4


'Am Comhrá': Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2

Straitéisí ranga agus scoile uile do bhunscoileanna

b) Cluichí a imirt chun focail a threisiú ar bhealach spráúil


Is minic a bhíonn daltaí ag baint taitnimh as cluichí dísle ina gcaitheann siad an dísle agus ina n-úsáideann siad an obair Am Comhrá, ag brath ar an leid a stopann siad uirthi. Is féidir é seo a dhéanamh i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga nó ag leibhéal an ranga uile.

Sampla de dhísle do Rang 5: Téigh go dtí ár 'Padlet' don leagan Gaeilge



Sampla de dhísle do sheomra ranga Rang 1

Féach ar an dísle Focal i gcleachtadh ranga anseo:



c) Cluichí guthanna greannmhara:

- B'fhéidir go mbainfeadh roinnt daltaí taitneamh as stór focal nua a rá i nguthanna difriúla. Cuireann na daltaí focal an lae in iúl trí ghuthanna éagsúla a úsáid e.g. guth ciúin, guth ard, guth róbaít, guth eachtrannach, guth ollphéist. Is féidir leis an rang ar fad tosú le treoracha an mhúinteora a leanúint e.g. "abair stiúgha i nguth ciúin luiche". Bain triail as seo grúpa ar ghrúpa sa seomra ranga. Fanann na daltaí le comhartha an mhúinteora sula ndéir siad focal an lae sa ghlór sonrach e.g. "Grúpa gorm – guth róbaít", daltaí: "st-iúg-tha".

Samplaí de ghuthanna éagsúla



Sa sampla seo, úsáideann an múinteoir gníomhaíocht a bhaineann le guthanna greannmhara.

d) Taispeántas 'Am Comhrá'

Taispeántas Am Comhrá sa seomra ranga trí 'Chrann Focal' a chruthú. Cuireann na daltaí agus an múinteoir duilleoga agus/nó úlla ar an gcrann. Scríobh na focail ar na duilleoga/úlla agus cuir pictiúir leo. Is féidir na duilleoga/úlla a chur le taispeántas mór de na craobhacha crann agus cuir ar taispeáint é in áit fheiceálach sa seomra ranga.



Sampla de 'Chrann Focal' Shraith 2 i seomra Rang 4

'Am Comhrá': Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2

Straitéisí ranga agus scoile uile do bhunscoileanna



Sula dtéann tú isteach, abair ár bpassfhocal rúndafocal an lae!

Póstaer pasfhocail 'Focal an Lae'.
B'fhéidir go mbainfeadh na bunranganna taitneamh as a bhfocal Am Comhrá a úsáid mar 'phasfhocal' ranga ag teacht isteach sa seomra ranga nó imeacht as.



Imir cluichí amhail 'Hedbanz' agus cuir ann pictiúir a léiríonn na spriocfhocail. Is féidir an cluiche 'Articulate for Kids' a oiriúnú trí cártaí a dhéanamh ar a bhfuil liosta de na spriocfhocail.

e) An focal a leathnú chuig comhthéacsanna nó cásanna nua lena úsáid

Tar éis brí an fhocail a chur i láthair agus a phlé, is féidir comhthéacs saibhir agus faisnéiseach a chruthú don focal, bíodh é sin abairt amháin nó plé níos mine. D'fhéadfaí comhthéacsanna eile a chur san áireamh inar féidir an focal a fháil.

Is é cuspóir na ngníomhaíochtaí seo ná **doimhneacht eolais a chothú ar stór focal**:

- D'fhéadfadh daltaí **abairtí a cheapadh** ina bhfuil an spriocfhocal.
- D'fhéadfaí **gas abairte** ina bhfuil an spriocfhocal a thabhairt do dhaltaí lena críochnú ar bhealach lánbhrí. Mar shampla,
- **"Chonaic sé an cat gortaithe agus..."**
- D'fhéadfadh daltaí **scéal** iomlán a cheapadh, bunaithe ar an spriocfhocal.
- D'fhéadfadh daltaí **plé a dhéanamh ar thaithí phearsanta** bunaithe ar an spriocfhocal. Le linn plé ar thaithí phearsanta, cuirtear ceisteanna ar na daltaí ina luaitear an spriocfhocal, amhail 'An raibh aithne agat riamh ar dhuine a bhí mórchroíoch?' 'Déan cur síos ar am éigin a bhí tú mórchroíoch.' Is féidir na ceisteanna seo a leathnú níos faide ná taithí phearsanta trí cheisteanna a chur a éilíonn réamh-mheas, e.g. 'Déan cur síos ar am éigin a d'fhéadfá a bheith mórchroíoch?'

Le linn na ngníomhaíochtaí seo, moltar do mhúinteoirí:

- Déan na focail a neartú i réimse comhthéacsanna, e.g. úsáid a bhaint as ceachtanna Corpoideachais chun na briathra spriocdhírithe a dhaingniú.
- Spreag na daltaí chun rudaí a aimsiú dóibh féin trí iad a spreagadh chun rudaí a chuardach, mar shampla, trí leas a bhaint as a leabhar focal, a bhfoclóir, a ríomhaire, etc.
- Cuir daltaí ar an eolas faoi naisc idir focail agus spreag iad chun straitéisí a úsáid chun teacht ar fhocail.
- Spreag na daltaí chun buille faoi thuairim a thabhairt faoi bhrí an fhocail ón gcomhthéacs agus déan a gcuid iarrachtaí a mholadh.
- Tacaigh le daltaí abairtí a cheapadh a léiríonn brí an spriocfhocail, e.g. más é 'aeráid' an spriocfhocal, ní thugann abairt ar nós 'Is maith liom an aeráid' aon eolas dúinn faoi bhrí an fhocail, ach léiríonn abairt ar nós 'tá aeráid bhreá the sa Phortaingéil' go bhfuil baint ag an aeráid leis an aimsir.



'Am Comhrá': Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2

Straitéisí ranga agus scoile uile do bhunscoileanna

2.5 Déan Athbhreithniú ar Fhocail Mhúinte

Tá go leor cur chuige agus smaointe éagsúla ann maidir le stór focal a chleachtadh agus a athbhreithniú sa seomra ranga. Tá roinnt moltaí bailithe againn i dtaca leis na hacmhainní as ar forbraíodh iad.

Tá sé tábhachtach athrá agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar mhúineadh stór focal agus is gné bhunúsach é sin de chur chuige ar nós Am Comhrá.

Bain leas as Mála Focal chun focail nua a bhailiú

Cuir rudaí a léiríonn focail atá múinte cheana féin isteach sa mhála focal, e.g. d'fhéadfaí an focal 'cuasach' a léiriú le sliogán; d'fhéadfaí an focal 'alp' a léiriú le spúnóg nó le huachtar reoite bréige. Roghnaíonn na daltaí earra éigin agus meaitseálann siad é le focal atá foghlamtha acu. Moltar do dhaltaí an spriocfhocal a úsáid agus an t-earra a ainmniú in abairt,

e.g. "Tháinig mé ar shliogán cuasach ar an trá".

(Foinse: 'Word Aware 1', Parsons agus Branagan, 2022).



Bain úsáid as Pota Focal/Bosca Focal/'Tobar an Áidh chun focail nua a bhailiú

Cuir na spriocfhocail atá múinte cheana féin i mBosca/Pota Focal. Is féidir leis an dalta nó leis an múinteoir focal atá múinte do na daltaí a tharraingt amach agus sainmhíniú a thabhairt air. Is féidir le múinteoirí sainmhíniú a thabhairt agus ceist a chur ar na daltaí an bhfuil sé fíor nó bréagach, ceisteanna a chur faoi na focail, nó an dalta a spreagadh chun an t-eolas atá acu faoin bhfocal a chur in iúl do pháirtí leo.

(Foinse: 'Word Aware 1', Parsons agus Branagan, 2022).



Focal nua a mhúineadh do theidí

Cuir teidí nó puipéad in aithne do dhaltaí óga agus abair leo go bhfuil cabhair ag teastáil ón teidí chun an focal a fhoghlaim. Iarr orthu an t-eolas atá acu faoin bhfocal a insint don teidí. Nuair a bheidh a gcuid ráite ag na daltaí, tugann teidí achoimre ar an eolas ar fad, agus tugann sé sainmhíniú ar an bhfocal.



"Chuala mé ár bhfocal nua"

Ba chóir do mhúinteoirí éisteacht go géar chun daltaí a úsáideann an spriocfhocal a chloisteáil. Tarraing aird air nuair a deir dalta é. "Chuala mé Cian ag rá go raibh sé stiúgtha leis an ocras. Ba am oiriúnach é sin chun an focal Am Comhrá 'stiúgtha' a úsáid, a Chian.

Fíor nó Bréagach?

Cum ceisteanna soiléire atá fíor nó bréagach. Mar shampla, más 'luachmhar' an spriocfhocal, fiafraigh de na daltaí – 'Fíor nó Bréagach, an gcuirfeá rudaí luachmhara sa bhosca bruscair?



Buail an focal le smiotán

Scríobh cúpla spriocfhocal ar an gclár/ar an gclár bán iad. Roinn an rang ina dhá fhoireann. Iarr ar dhalta amháin ó gach foireann teacht chuig an gclár leis an smiotán. Léigh sainmhíniú ar spriocfhocal. Ba chóir do na daltaí iarracht a dhéanamh an focal a aimsiú ar an gclár agus é a bhualadh lena smiotán.

Nó b'fhéidir gur mhaith le daltaí sainmhínithe a thabhairt do chomhscoláire ionas go bhféadfadh siad an focal a bhualadh agus an ról seo a ghlacadh ina seal gach lá.

Is féidir an sampla seo a fheiceáil anseo:



Searáidí

Ag baint leasa as na spriocfhocal Am Comhrá, tugann na daltaí buille faoi thuairim faoin bhfocal atá i gceist ó ghníomhartha comhscoláirí, mar a léirítear anseo:



'Pictionary'

Bain leas as na spriocfhocail.



'Am Comhrá': Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2

Straitéisí ranga agus scoile uile do bhunscoileanna

I ndiaidh an 'Athbhreithnithe', ná déan dearmad féinmheasúnú na ndaltaí a dhéanamh an athuair chun athbhreithniú a dhéanamh ar na focail, ag baint leasa as bearta féinmheasúnaithe, amhail:



2.6 Ag obair le Tuismitheoirí

Is comhoibritheoirí ríthábhachtacha iad tuismitheoirí i bhfoghlaim na ndaltaí agus is féidir iad a chur san áireamh chun tacú le comhdhlúthú na spriocfocal a ndírítear orthu in Am Comhrá.

Is féidir cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí faoi Am Comhrá mar seo a leanas:

- Seol litir abhaile do thuismitheoirí i gcóip chrua nó i bhformáid leictreonach agus eolas faoi Am Comhrá, na cúiseanna go bhfuil sé tábhachtach agus na rudaí is féidir le tuismitheoirí a dhéanamh chun tacú lena leanaí sa bhaile luaite inti. Féach ar an litir shamplach atá ar fáil sna hacmhainní seo ar líne.



'Focal an Lae' a chur i ndialann na ndaltaí gach lá agus na daltaí a spreagadh chun an focal nua a phlé le ball teaghlaigh sa bhaile. Féach bileoga samplacha obair bhaile ar na hacmhainní Padlet ar líne.

Lá	Focal an Lae Inniu	Ábhar cainte
Dé Luain	Bailigh	loraí rua ag bailiú dearcán; Ag bailiú airgid do chumann carthanachta; Ag bailiú duilleog. Ceisteanna: N'fheadar... cad is brí le 'bailigh'? Conas a bhaileofá rudai? Cén saghas rudai is féidir a bhailiú?



Cuid 3: 'Am Comhrá' a Úsáid ar Leibhéal na Scoile Uile



3.1 Réasúnaíocht



3.2 Ceisteanna Praiticiúla



3.3 Pleanáil d'Am Comhrá



3.1 Réasúnaíocht



Cúiseanna chun 'Am Comhrá' a Úsáid ar Leibhéal na Scoile Uile

Is gnéithe lárnacha d'Am Comhrá iad spraoi agus taitneamh, rudaí a bhfuil tábhacht leo agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fhocail a fhoghlaim ar scoil ar leibhéal na scoile uile ar fud phobal na scoile ar fad.

Agus Am Comhrá á úsáid, meastar gur cuid ríthábhachtach de gach ceacht focail a fhoghlaim agus **cuirtear beocht i bhfocail** laistigh de gach seomra ranga. Dá bhrí sin, bíonn gach múinteoir agus dalta **bródúil** as a gcuid stór focal agus glacann siad **úinéireacht** ar as a gcuid dul chun cinn.

Comhsheasmhacht i straitéisí foghlama stór focal trí leas leanúnach a bhaint as:

- amharcthacaíochtaí
- acmhainní
- cluichí, amhráin, rapcheol

Ciallaíonn an chosúlacht agus an t-eolas seo go dtuigeann múinteoirí agus daltaí mar a bhfuiltear ag súil leis le linn gnáthaimh foghlama focal.

Is féidir le comhsheasmhacht buntáistí breise a thabhairt do dhaltaí a bhféadfadh difríochtaí bunúsacha teanga nó foghlama a bheith acu, a bhfuil rochtain uaineach acu ar an scoil, nó atá ag foghlaim an Bhéarla.

Cad atá i gceist le 'Am Comhrá' a úsáid ar leibhéal na scoile uile?



Tá **solúbthacht agus neamhspleáchas** ag gach scoil ó thaobh a rogha modhanna agus cur chuige uile scoile á úsáid i leith Am Comhrá. Braithfidh sé seo ar **spriocanna litearthachta agus teanga labhartha** aitheanta na scoile féin, curtha in oiriúint agus deartha bunaithe ar a riachtanais. Braitheann sé chomh maith ar an acmhainn laistigh de scoil chun gnéithe d'eagrú, comhordú, tacaíocht agus spreagadh a bhainistiú chun straitéisí Am Comhrá a bhunú agus a chothabháil ar fud na scoile.



Léirítear san **fhíseán** seo Scoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Seosamh agus a gcur chuige maidir le forbairt stór focal a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ar leibhéal na scoile uile, ag baint leasa as Am Comhrá:




'Am Comhrá': Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2

Straitéisí ranga agus scoile uile do bhunscoileanna

Mar a léirítear in aiseolas ó scoileanna a úsáideann Am Comhrá don Scoil Uile

- Méadú ar mhúinín múinteoirí agus daltaí ó thaobh feasacht a chothú ar bhearta a chabhraíonn le straitéisí foghlama focal a úsáid.
- Méadú in úsáid chomhsheasmhach straitéisí agus ceachtanna 'Am Comhrá' i seomraí ranga aonair le himeacht ama
- Dul chun cinn i ngnóthachtálacha spriocanna litearthachta na scoile uile i réimse gaolmhar na teanga labhartha
- Éilíonn cur chuige scoile uile am agus acmhainní chun é a bhunú agus a chothabháil, ach le cleachtas leanúnach tagann sé chun a bheith ina ghnáthamh agus ní theastaíonn an oiread sin eagrúcháin nuair a bhíonn sé leabaithe i saol na scoile.

Léirítear i bhFíor 1 an t-aiseolas a fuarthas ó Am Comhrá a úsáid ar leibhéal na scoile uile go dtí seo.



Fíor 1. Leibhéal tionchair féideartha ar phobal na scoile uile maidir le hAm Comhrá a úsáid




3.2 Ceisteanna Praiticiúla



Ciallaíonn cur chuige scoile uile i leith Am Comhrá go bhfuil an oiread múinteoirí agus daltaí agus is féidir ag foghlaim stór focal shraith 2 ag baint leasa as ceachtanna Am Comhrá ar bhonn comhsheasmhach. Chun é seo a bhaint amach, baineann múinteoirí leas as **struchtúr comhchosúil** dá múineadh ar fhocail shraith 2 i gceachtanna ó Luan go hAoine.

Baineann sé chomh maith le **beocht a chur i bhfoghlaim focal** laistigh de scoil, mar shampla, 'Balla Focal' nó 'Crann Focal' don scoil ar fad i halla na scoile agus duaiseanna 'Draoi Focal' a bheith ann do na daltaí. Is féidir le scoileanna leas éifeachtach a bhaint as an teicneolaíocht chomh maith chun tacú le focail a fhoghlaim, mar shampla, idirchum na scoile, ardáin ar líne a nascann an baile agus an scoil, e.g. suíomh gréasáin na scoile, leathanaigh meán sóisialta na scoile agus úsáid na teicneolaíochta sa seomra ranga le haghaidh cluichí agus gníomhaíochtaí.



Ciallaíonn cur chuige scoile uile i leith Am Comhrá go bhfuil an oiread múinteoirí agus daltaí agus is féidir ag foghlaim stór focal shraith 2 ag baint leasa as ceachtanna Am Comhrá ar bhonn comhsheasmhach.



'Am Comhrá': Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2
 Straitéisí ranga agus scoile uile do bhunscoileanna

Sa chuid seo a leanas, cuirtear céimeanna agus smaointe molta ar fáil chun cur chuige scoile uile i leith Am Comhrá a bhunú agus a chothabháil.

Cur chuige scoile uile: cad a chiallaíonn sé seo do do scoil féin?

Cuirtear straitéisí tábhachtacha le breithniú ar fáil i dTábla 1 chun tacú le scoileanna a bhfuil smaointe acu maidir le conas cuid de na coincheapa, nó na coincheapa go léir, a úsáid chun tús a chur le hAm Comhrá a leabú ar leibhéal na scoile uile. Déantar cur síos níos mine i dTábla 2 ar chéimeanna praiticiúla breise agus ar shamplaí a bhaineann leis na réimsí seo.



Príomhstraitéisí am comhrá ar leibhéal na scoile uile
Cosúlachtaí i ngnáthaimh agus i gceachtanna foghlama focal Am Comhrá ar fud na seomraí ranga uile, ar fud na scoile ar fad.
Infheictheacht Am Comhrá timpeall na scoile, i seomraí ranga, agus ar ardáin ar líne e.g. suíomh gréasáin na scoile, tairseacha leictreonacha a nascann tuismitheoirí agus caomhnóirí.
Daoine: Ceannaireacht thacúil scoile, múinteoir(i) agus dalta(i) comhordaitheach(a), agus an oiread múinteoirí agus daltaí agus is féidir páirteach ann.
Guth an dalta san áireamh sa chur chuige. Tá sé tábhachtach a rá gur féidir go leor de na moltaí maidir le hAm Comhrá a bheith go hiomlán, nó go páirteach, faoi stiúir na ndaltaí nó ceaptha ag na daltaí.
Tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas agus rannpháirteach a oiread agus is féidir.
Ceangailte le planáil: B'fhéidir gur mhaith le scoileanna Am Comhrá a áireamh mar ghníomh a chomhlíonann na spriocanna stór focal laistigh dá 'bhféinmheastóireacht' scoile uile, feabhsú scoile, litearthacht, teanga ó bhéal, DEIS nó réimsí eile planála.
Tréimhse ama – Is gá cloí le cuir chuige Am Comhrá ar feadh tréimhse fhada chun oibriú tríd an mbunú tosaigh go dtí na céimeanna leabaithe. Ag brath ar ghnéithe sonracha scoile amhail acmhainní agus pearsanra, thóg sé idir dhá théarma agus bliain scoile iomlán i scoileanna chun cuir chuige Am Comhrá á leabú sa teagasc.

Tábla 1. Príomhstraitéisí i gcur chuige scoile uile i leith Am Comhrá

	PRÍOMHSTRAITÉISÍ	SMAOINTE PRAITICIÚLA
	Cosúlachtaí i ngnáthaimh agus i gceachtanna foghlama focal Am Comhrá ar fud na seomraí ranga uile, ar fud na scoile ar fad.	- Tá sampla PowerPoint de cheacht 'Am Comhrá' ag gach múinteoir le hathbhreithniú a dhéanamh air. - Tá íomhá den fhocal sin ag gabháil le gach focal nua de shraith 2.
	Infheictheacht am Comhrá ar fud na scoile, i seomraí ranga, agus ar ardáin ar líne e.g. suíomh gréasáin na scoile, tairseacha leictreonacha do thuismitheoirí.	- Tá 'Balla Focal' i ngach rang d'fhocail shraith 2 Am Comhrá. - Tá 'Crann Focal' nó 'Balla Focal' cothrom le dáta agus don scoil uile ar taispeáint i halla iontrála na scoile.
	Daoine: Ceannaireacht thacúil, AM múinteoir(i) agus dalta(i) COMHRÁ comhordaitheach(a), agus, oiread múinteoirí agus daltaí agus is féidir páirteach.	- Tá freagracht ar mhúinteoir(i) as Am Comhrá ar leibhéal na scoile uile e.g. cur chuige na scoile uile a chomhordú, acmhainní a chomhroinnt. - Pléitear dul chun cinn agus nuashonruithe maidir le hAm Comhrá ag cruinnithe foirne mar mhír rollach ar an gclár oibre.
	Cuirtear Guth an dalta san áireamh sa chur chuige.	- Tacaítear le daltaí chun an 'Crann Focal' a bhainistiú sa halla agus ina seomraí ranga. - Bíonn daltaí páirteach go gníomhach trí fhocail a mhúineadh do ranganna eile, go pearsanta, nó ar an idirchum. - Bíonn deis ag daltaí aiseolas a thabhairt ar a gcuid smaointe maidir le bealaí chun 'Am Comhrá' a úsáid agus a fheabhsú, mar shampla, vótáil ar na rudaí is lú agus is fearr a thaitin leo, deiseanna chun feabhas a chur ar an gcaoi a bhfoghlaímíonn siad agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhocail shraith 2 ar scoil.

'Am Comhrá': Cur chuige teagaisc stór focal shraith 2
 Straitéisí ranga agus scoile uile do bhunscoileanna

	PRÍOMHSTRAITÉISÍ	SMAOINTE PRAITICIÚLA
	• Coinnítear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas agus páirteach a oiread agus is féidir.	• Cuirtear eolas ar fáil do thuismitheoirí faoi Am Comhrá, mar shampla, seoltar bileog eolais do thuismitheoirí abhaile nó cuirtear ar fáil ar ardáin leictreonacha é. • Moltar do dhaltáí labhairt lena dtuismitheoirí/caomhnóirí faoi fhocail nua Am Comhrá atá scríofa ina ndialann obair bhaile faoi 'Ár bhFocal Nua Inniu' nó 'Focal an Lae'. • Taispeántar smaointe le haghaidh cluichí focal do thuismitheoirí/caomhnóirí trí naisc físe agus seoltar smaointe samplacha abhaile leis na daltaí. • Cluichí focal Am Comhrá: Tugtar cuireadh do thuismitheoirí/caomhnóirí teacht isteach sa seomra ranga le haghaidh 20 nóiméad d'Am Comhrá ag tús nó ag deireadh an lae scoile. Agus iad ina suí lena leanbh féin, bíonn spraoi ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí agus déanann siad cleachtadh ar chluichí focal ar féidir leo triail a bhaint astu sa bhaile ina dhiaidh sin.
	• Ceangailte le planáil: B'fhéidir gur mhaith le scoileanna 'Am Comhrá' a áireamh mar ghníomh a chomhlíonann na spriocanna stór focal laistigh dá 'Féinmheastóireacht' scoile uile, feabhsú scoile, Litearthacht, Teanga ó bhéal, DEIS nó réimsí planála eile.	• Tá foireann cheannaireachta na scoile tar éis Am Comhrá a chur leis an bplan scoile níos leithne don litearthacht. • Pléitear dul chun cinn agus nuashonruithe maidir le hAm Comhrá go rialta ag cruinnithe foirne mar mhír ar an gclár oibre, go háirithe sa chéad téarma scoile nó go luath i gcur i bhfeidhm Am Comhrá.

	PRÍOMHSTRAITÉISÍ	SMAOINTE PRAITICIÚLA
	Am: Ag brath ar ghnéithe sonracha scoile amhail acmhainní agus pearsanra, thóg sé idir dhá théarma agus bliain scoile iomlán i scoileanna chun cuir chuige Am Comhrá á leabú sa teagasc.	- Cuirtear i láthair don fhoireann coincheap Am Comhrá agus léirítear dóibh conas cur chuige STAR a chur i bhfeidhm go héifeachtach. - Cuirtear Am Comhrá le clár oibre cruinnithe foirne chun smaointe, nuashonruithe agus acmhainní atá in úsáid a chomhroinnt. - Cuirtear am ar leith ar leataobh do mhúinteoirí chun dul chun cinn Am Comhrá a phlé ina ngrúpaí ranga nó laistigh de leibhéal comhchosúil, mar shampla, déanann múinteoirí Rang 3, múinteoirí naíonán sóisearacha agus sinsearacha, nó múinteoirí Rang 5-6 plé agus pleanáil le chéile le haghaidh Am Comhrá.

Tábla 2. Pleanáil agus acmhainní Ama Cainte ar leibhéal na scoile uile

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach mbaineann na rudaí seo a leanas le cur chuige scoile uile:

- X** Gach múinteoir ag múineadh na bhfocal céanna i ngach rang ó Luan go hAoine, e.g. na focail chéanna shraith 2 á múineadh i Rang 1 agus i Rang 5.
- X** Acmhainní nó cluichí foirfe a bheith ar fáil sula mbaintear triail as ceachtanna Am Comhrá a mhúineadh.
- X** Ceachtanna fada; Is féidir Am Comhrá a chur i gcrích i 10 agus 20 nóiméad.
- X** Focail a mhúineadh nach bhfuil bainteach le téama nó topaicí an churaclaim.
- X** Scríbhneoireacht ná pinn luaidhe/pinn a úsáid. Is cur chuige teanga ó bhéal é Am Comhrá, dá bhrí sin, is ceachtanna agus gníomhaíochtaí labhartha atá i gceist agus níl aon ghá le scríbhneoireacht ná le pinn luaidhe/pinn.
- X** Focail shraith 3 speisialaithe a mhúineadh, e.g. 'fótaisintéis', 'creathán', 'capsúl'.



3.3 Pleanáil le haghaidh Am Comhrá



Moltar do scoileanna atá ag smaoineamh ar Am Comhrá a chur i bhfeidhm ar leibhéal na scoile uile plean a dhéanamh a chlúdaíonn roinnt téarmaí scoile ag an tús, agus ansin bogadh ar aghaidh chun an cur chuige a leabú. Tabharfaidh an t-am seo deis do scoileanna na hacmhainní, na gnáthaimh agus na ceachtanna a bhunú i gcleachtas laethúil na múinteoirí. Tá céimeanna molta maidir le hAm Comhrá a phleanáil, a bhunú agus a leabú leagtha amach i bhFíor 2.

D'oibrigh scoileanna agus múinteoirí ar éirigh go maith leo le hAm Comhrá chun gnáthaimh a bhunú sa chleachtas laethúil a úsáidtear i ngach téarma agus i rith na bliana scoile.

Pleanáil ► Déan ► Athbhreithnigh ► Leasaigh agus Lean ar aghaidh

MF - DF:

PLEANÁIL ► DÉAN

- Buneolas ar Am Comhrá ag cruinniú foirne. Múinteoir(i) ceannais ceaptha
- Spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha leagtha amach
- Seisiú(i)n foghlama múinteoirí ar Am Comhrá sa seomra ranga
- Léirithe ar cheachtanna Am Comhrá idir múinteoirí
- Múinteoirí ag obair le chéile ar roghanna focal shraith 2
- Tugtar eolas do thuismitheoirí faoi Am Comhrá.



Samhain - Nollaig:

DÉAN ► ATHBHREITHNIGH

- Áiseanna agus cluichí a chinntiú i ngach rang
- Plé ar dhul chun cinn ag cruinnithe foirne
- Cruinnithe athbhreithnithe i ngrúpaí beaga idir múinteoirí i ngrúpaí bliana
- Ballaí Focal i ngach seomra ranga agus Balla Focal Scoile sa halla
- Tugtar cuireadh do thuismitheoirí naíonán freastal ar maidin ar leith chun 'Cluichí Spráíúla Am Comhrá' a chleachtadh ar feadh 20 nóiméad lena leanbh.



Eanáir-Márta:

DÉAN ► ATHBHREITHNIGH

► LEASAIGH agus LEAN AR AGHAIDH

- Cruinniú athbhreithnithe le múinteoir(i) ceannais agus leis an mbainistíocht
- Láidreachtaí agus riachtanais a aithint e.g. anailís SWOT
- Gnáthamh ar idirchum na scoile uile a chur i bhfeidhm uair sa tseachtain
- Cúnamh leanúnach múinteoirí ceannais do mhúinteoirí sa seomra ranga
- Pléitear dul chun cinn Am Comhrá ag cruinnithe foirne mar mhír rollach ar an gclár oibre ionas gur féidir athruithe nó feabhsuithe a dhéanamh.



Aibreán-Meitheamh:

LEASAIGH agus LEAN

AR AGHAIDH ► PLEANÁIL


- Deiseanna do dhaltáí sna hardranganna ceannaireacht a ghlacadh i modhanna aitheanta na scoile uile e.g. pasfhocail seomra ranga
- 'Focal Buaiteach Am Comhrá' a úsáid i dtionól
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn Am Comhrá le múinteoirí agus daltaí trí phlé agus suirbhéanna
- Pleanáil chun leanúint le hAm Comhrá an scoilbhliain seo chugainn.



Fíor 2. Plean samplach ag baint leasa as an timthriall 'Pleanáil – Déan – Athbhreithnigh agus Leasaigh agus Lean ar aghaidh' le haghaidh Am Comhrá ar leibhéal na scoile uile

Moltaí ó scoil amháin go scoil eile:

Bailíodh aiseolas ó dhaltai agus ó mhúinteoirí chun tacú le scoileanna eile Am Comhrá a chur i bhfeidhm. Leagtar amach an t-aiseolas seo mar Bhuanna Éasca is rudaí tapa éasca le cur i bhfeidhm in Am Comhrá iad, agus 'Buanna Fada' is rudaí lena mbaineann pleanáil fhadtéarmach agus níos mó acmhainní chun iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach.



Buanna tapa/éasca:

- An focal Am Comhrá laethúil a ghreamú ar aghaidh dhoras an tseomra ranga ionas go mbeidh d'fhocal Am Comhrá don lá sin le feiceáil ag gach duine sa scoil.
- Na bunranganna taitneamh ag úsáid a bhfocal Am Comhrá mar 'phasfhocal' ranga chun teacht isteach sa seomra ranga nó imeacht as. Póstaer 'pasfhocal an lae' a úsáid (féach acmhainní ar líne).
- Lipéid ina bhfuil pictiúir agus focail scríofa araon a úsáid sa seomra ranga.
- Tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith páirteach trí litir/nóta ar líne a sheoladh abhaile ina mínítear Am Comhrá.
- Na focail Am Comhrá a scríobh i ndialanna obair bhaile na ndaltaí lena míniú do dhuine éigin sa bhaile.
- Múinteoirí ag roghnú 'draoi focal na seachtaine' i ngach rang don dalta a bhain an leas ba mhó as an bhfocal Am Comhrá. D'fhéadfaí comhghairdeas a dhéanamh leis na daltaí seo sa rang Dé hAoine nó d'fhéadfadh an príomhoide aitheantas a thabhairt orthu ag tionól seachtainiúil na scoile uile.
- Leas a bhaint as cláir fógraí chun 'Ballaí Focal' nó 'Crainn Focal' de na focail atá á bhfoghlaím sa seomra ranga a léiriú. Bíonn sé seo éifeachtach má tá roinnt focal ann a bhaineann leis an topaic/scéal/ábhar curaclaim céanna.



Buanna fada:

- Córas idirchum na scoile a úsáid chun 'Focal na Seachtaine' a roinnt leis an scoil ar fad.
- Is féidir 'Potaí Focal' leictreonacha nó liostaí de na focail a múineadh in Am Comhrá a chur ar aghaidh ó mhúinteoir go múinteoir agus bogadh le gach rang ó bhliain go bliain. Ciallaíonn sé seo, faoin am a shroicheann grúpa ranga Rang 6, go mbeidh taifead dá gcuid focal sa 'phota' acu ó ranganna naíonán go dtí Rang 1 go dtí Rang 2, Rang 3, etc. Bíonn suim ag na daltaí sna cluichí pota focal ansin mar is féidir leo breathnú siar ar na focail a d'fhoghlaím siad cúpla bliain ó shin agus an dul chun cinn atá déanta acu.
- A chinntiú go bhfuil réimse seánraí agus cineálacha téacs ar fáil sa leabharlann ranga ionas gur féidir focail a bhaint astu agus focail reatha Ama Comhrá a cheangal leo.
- Maidin chaife a reáchtáil agus plé a dhéanamh le tuismitheoirí faoi Am Comhrá sa scoil.
- 'Focal Buaiteach' Am Comhrá a reáchtáil ag an tionól gach mí/téarma. Ainmníonn gach rang an focal Am Comhrá is fearr leo mar aon le 3 chúis chun a gcás a áitiú ar son a bhfocail roghnaithe. Bronntar duais ar an réasúnaíocht is suimiúla don 'Fhocal Buaiteach' Am Comhrá gach téarma/mí ag brath ar cathain a bhíonn an tionól ar siúl. Féadfaidh an príomhoide tosú leis an bhfocal buaiteach a roghnú, agus ansin na daltaí, mar shampla, bíonn an rang is déanaí a bhuail i gceannas ar an gcéad fhocal buaiteach eile a roghnú ó ranganna eile. D'fhéadfadh ardáin leictreonacha amhail ríomhphoist idir ranganna tacú leis an gcur chuige seo.



Liosta Tagairtí

- Beck, I. L., McKeown, M. G., & Kucan, L. (2002). Bringing Words to Life: Robust Vocabulary Instruction. Nua-Eabhrac, Nua-Eabhrac Guilford Press Book/Childcraft International.
- Beck, I.L. agus McKeown, M.G., (2007). Increasing young low-income children's oral vocabulary repertoires through rich and focused instruction. *The Elementary School Journal*, 107(3), pp.251-271.
- Beck, I.L., McKeown, M.G. agus Kucan, L., (2013). Bringing words to life: Robust vocabulary instruction. Guilford Press.
- Beck, I.L., Perfetti, C.A. agus McKeown, M.G., (1982). Effects of long-term vocabulary instruction on lexical access and reading comprehension. *Journal of educational psychology*, 74(4), p.506.
- Cunningham, A., Stanovich, E., agus Keith E. (1997). Early reading acquisition and its relation to reading experience and ability 10 years later. *Developmental Psychology*, 33(6), 934-945.
- Freyer, D., Frederick, W., & Klausmeier, H. (1969). A schema for testing the level of concept mastery. Madison, WI: Wisconsin Center for Education.
- McKeown, M.G., & Beck, I.L. (2004). Direct and rich vocabulary instruction. In J. Baumann (Ed.), *Vocabulary instruction: Research to practice* (pp. 13–27). New York, NY: Guilford.
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2019). Ábhair churaclaim ar líne a aimsíodh ó: www.curriculumonline.ie https://www.curriculumonline.ie/getmedia/7238be9f-5c5e416b-a494-41eac6cb1505/OL_TalkTime_1.pdf?ext=.pdf.
- Parsons, S., & Branagan, A. (2022). *Word Aware 1: Teaching Vocabulary Across the Day, Across the Curriculum* (2nd ed.). Routledge. <https://doi.org/10.4324/9781003027812>.
- Parsons, Stephen & Branagan, Anna. (2017). *Word Aware 2: Teaching vocabulary across the day, across the curriculum*. 10.4324/9781315172781.
- Quigley, D., 'Talk Time': Developing Language Enrichment Support Material for the Toolkit of the new Primary Language Curriculum, IASLT Biennial Conference, Dublin, 16/05/2019, 2019 Published Abstract, 2019.
- Quigley, D., Talk Time, 2016, – Miscellaneous, 2016 URL.
- Sim, I. (1998). One plus one equals three! Improving vocabulary acquisition and learning in pupils with speech and language impairment. *Child Language Teaching and Therapy*. Vol. 14 (1),83-93.
- Stahl, S.A., & Nagy, W.E. (2006). *Teaching word meanings*. Mahwah, NJ: Lawrence Erlbaum Associates.
- Tyson, K., 2016, Making word learning visual for English learners, feicthe 8 Bealtaine 2019. [Twinkl.ie](http://www.twinkl.ie), 2019, Acmhainní Príomhúla, rochtain faighte 24 Aibreán 2019.
- [Twinkl.ie](http://www.twinkl.ie), 2020, KS2 Ambitious Vocabulary Apple Tree Display Poster, rochtain faighte 30 Aibreán 2020, <https://www.twinkl.ie/resource/t2-e-4988-ks2-ambitious-vocabulary-apple-tree>.
- Wilson, G., Nash, M., agus Earl, Gill. (2010). Supporting students with language learning difficulties in secondary schools through collaboration: The use of concept maps to investigate the impact on teachers' knowledge of vocabulary teaching. *Child Language Teaching & Therapy* 26. 163179. 10.1177/0265659010368749.
- Word Aware, (2016). Word Rap. You Tube https://www.youtube.com/watch?v=428I9PIED_I.

